

Bileog eolais maidir le mo chearta cosanta sonraí: Do shonraí a scriosadh

Tugtar an ceart go ndéanfaí léirscriosadh ar seo. D'fhéadfadh go mbeidh tábhacht ar leith leis an gceart seo nuair atá a gcuid sonraí pearsanta curtha ar fáil ag duine faoi 18 do chuideachta ar líne cosúil le hardán meán sóisialta ach ansin athraíonn siad a n-intinn níos déanaí agus go dteastaíonn uathu anois go scriosfaidh an ardán meán sóisialta a chuntas. Mar sin, tá cosaint speisialta ag leanaí ar an mbealach seo.

Tá sé tábhachtach a choinneáil ar intinn cé go bhfuil iarrtha agat ar ardán meán sóisialta píosa de do shonraí a scriosadh, ar nós grianghraf a phostáil tú, ní chiallaíonn sé seo go scriosfar an grianghraf ar fhóin gach duine a bhfuil an grianghraf sábháilte acu nó a thóg seat scáileáin de. Mar sin, déan cinnte go smaoiníodh tú sula bpostálfaidh tú rud ar bith.

An gciallaíonn sé seo gur féidir liom iallach a chur ar dhuine ar bith mo chuid sonraí ar fad a scriosadh pé uair is mian liom?

Ní chiallaíonn, mar beidh roinnt cásanna ann nach féidir leat do chearta cosanta sonraí a úsáid. Tá go leor samplaí ann ón saol laethúil inar gá d'eagraíocht do chuid sonraí pearsanta a choinneáil, cibé an aontaíonn tú leo nó nach n-aontaíonn. Mar shampla, caithfidh do scoil eolas áirithe a choinneáil fút, mar shampla d'ainm, an áit ina bhfuil tú i do chónaí agus cé hiad do thuismitheoirí. Ní féidir leat iallach a chur orthu an t-eolas seo a scriosadh mar caithfidh an scoil a bheith ar an eolas faoi na rudaí seo.

Níl sé de cheart agat ach do chuid sonraí a scriosadh i gcásanna áirithe. Mar shampla, má dúirt tú le heagraíocht go bhféadfaidís do chuid sonraí a úsáid ach go bhfuil tú tar éis d'intinn a athrú anois, nó má bhailigh an eagraíocht do chuid sonraí pearsanta gan cúis mhaith ar an gcéad dul síos, de ghnáth bíonn an ceart agat go scriosfaí iad mas mian leat.

Botúin i do shonraí a cheartú

Chomh maith le do chuid sonraí a scriosadh, tá sé de cheart agat freisin a iarraidh ar eagraíochtaí iad a dheisiú nó a nuashonrú má cheapann tú go bhfuil botún iontu nó go bhfuil rud éigin in easnamh iontu nó go bhfuil siad as dáta. Tugtar an ceart chun ceartúcháin air seo. D'fhéadfá an ceart seo a úsáid má d'athraigh tú uimhreacha fóin agus gur mian leat go dtabharfadh do chlub spóirt an t-eolas seo chun dáta ionas nach gcaillfidh tú amach ar aon teachtaireachtaí tábhachtacha faoi chluichí nó thraenáil.

Cén cearta cosanta sonraí atá agam?

Is féidir tuilleadh eolais maidir le do chearta cosanta sonraí ar fad a fháil ar shuíomh gréasáin an DPC: www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí